Ag Bácáil sa Bhaile

Tasc A

Rólimirt

Tá tusa agus do chara ag caint faoin bhácáil. Is maith libh bheith ag amharc ar chláir theilifíse a léiríonn an bhácáil. Labhraíonn sibh faoi na rudaí difriúla ar mhaith libh féin bácáil nó b'fhéidir go mbíonn sibh ag bácáil sa bhaile go minic. Bheadh sé cuidiúil roinnt oideas a fhiosrú don chomhrá seo. B'fhéidir go dtiocfadh leat agus do chara cúpla oideas a roghnú agus a scríobh amach roimh ré le tacú leis an chomhrá.

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas le tacú leis an chomhrá. Bí cinnte go mbíonn seal ag an bheirt agaibh na ceisteanna a fhreagairt. Ná déan dearmad freagairt leis an bhriathar nuair is féidir.

1. **Cé acu bonnóg, briosca nó císte is fearr leat féin?**
2. **An raibh deis agat bheith ag bácáil sa bhaile? Cad é an saghas ruda a rinne tú?**
3. **An dtig leat cur síos a dhéanamh ar an bhealach ar bhácáil tú an uair dheireanach? Cad iad na comhábhair ar bhain tú úsáid astu?**
4. **An bhfuil oideas ar bith a bhíonn in úsáid go minic sa bhaile?**
5. **An dtaitníonn císte breithlae leat? Cén sórt is fearr leat?**
6. **Cad iad na barráin is maith leat féin ar do phancóg ar Lá na bPancóg**
7. **An dtig leat cur síos a dhéanamh ar threalamh ar bith a bhíonn de dhíth don bhácáil, mar shampla scálaí?**
8. **Cé acu is fearr leat, toirtín úll nó toirtín biabhóige? Cén fáth?**

Seo frásaí úsáideacha agus cora cainte le tacú leat

- Ag bácáil
- Oigheann
- Sorn
- Babhla
- Spúnóg
- Scálaí
- Greadtóir
- Trádaire
- Uibheacha, plúr, siúcra, im, seacláid, bainne
- Naprún
- Oideas
- Ag meascadh
- Ag bualadh
- Ag doirteadh
- Ag coimhéad
- Ag tomhas

Seanfhocail

Is maith an t-anlann an t-ocras.
Rogha gach bia agus togha gach dí.

Rabhlóga

Cheannaigh cailín cliste ceanúil císte.
D'ith damh dubh ubh amh ar neamh inniu.

© CCEA 2022

Ag Bácáil sa Bhaile

Tasc B

1. An Fear Sinséir

Smaoinigh siar ar an scéal An Fear Sinséir. Má tá tú ábalta, faigh cóip den Leabhar Mhór le CCEA, An Fear Sinséir agus léigh an scéal. Dírigh isteach ar na comhábhair a d'úsáid an tseanbhean leis an fhear sinséir a dhéanamh. Más maith leat thig leat tuileadh eolais a fháil ón idirlíon leis an dóigh a fhiosrú le fear sinséir a dhéanamh. Anois scríobh eolas faoi na rudaí seo:

- **Comhábhair** – cad iad na comhábhair atá de dhíth. Scríobh síos na graim, millilítir srl atá de dhíth má tá an t-eolas sin agat.
- **Trealamh** – cad é an trealamh atá de dhíth ort leis an fhear sinséir a bhácáil?
- **Modh** – cad é mar a dhéanann tú an fear sinséir? An bhfuil ord ar leith ann?
- Smaoinigh ar bheith sábháilte sa chistin. Ar chóir do dhuine fásta bheith i láthair má tá tú ag baint úsáid as an tsorn nó as an oigheann?

2. Bonnóg Bhlasta

1. Tarraing pictiúr de bhonnóg measartha mór.
2. Tarraing na barráin is fearr leat ar do bhonnóg, mar shampla, uachtar, milseáin srl.
3. Dathaigh isteach do bhonnóg.
4. Tabhair ainm ar do bhonnóg.
5. Scríobh cúpla abairt shuimiúil ag cur síos ar do bhonnóg ar chás na bonnóige. Bí cinnte go mbaineann tú úsáid as aidiachtaí nó b'fhéidir as seanfhocal.
6. Labhair le do chara faoin bhonnóg s'agat.

© CCEA 2022